# Na Rialacháin Um Thrácht Ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe), 2009
I.R. Uimh. 147 de 2009.

agus

# Na Rialacháin Um Thrácht Ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) (Leasuithe), 2010
I.R. Uimh. 461 de 2010.

## Treoirlínte d'Oibreoirí
## (Ualaí Neamhghnácha a Iompar)

Eolas Teagmhála:

**Oifigeach na gCeadanna:**

An tArd-Cheannfort.

Biúró Tráchta Náisiúnta an Gharda Síochána,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Páirc an Fhionnuisce,
Baile Átha Cliath 8.

*Ríomhphost:traffic_abloads@garda.ie*
*Uimh. Fóin: 01-666 1932*
*Ríomhphost:traffic_abloads@garda.ie*

Leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) 2009, IR Uimh. 147 de 2009, agus leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe) (Leasú) 2010, IR 461 de 2010, tugadh isteach córas ceada sruthlínithe agus liosta de na Bealaí Ainmnithe atá le riaradh ag an nGarda Síochána chun ualaí a iompar nach mó iad ná 27.4 méadar ar fhad agus 4.3 méadar ar leithead ar na príomhbhealaí idir-uirbeacha agus ar na bealaí go dtí Calafort Chorcaí, Calafort Ros Láir agus Calafort Rinn an Scidígh.

Caithfidh ualach neamhghnách cloí leis na huasteorainneacha meáchain atá leagtha síos in I.R. 5 de 2003, na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh agus Úsáid Feithiclí) 2003 agus an uasteorainn airde atá leagtha síos in I.R. 366 de 2008, na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh agus Úsáid Feithiclí) (Leasú), 2008.

Leis an bhfoirm seo, "Cead d'Fheithiclí Speisialaithe", agus í sínithe ag Oifigeach na gCeadanna sa Gharda Síochána, tugtar cead ualaí neamhghnácha a iompar mar a shainmhínítear sna rialacháin thuas, ar bhealaí idir-uirbeacha atá sonraithe i Sceideal na mBóithre Ainmnithe sna Rialacháin thuas, agus teastaíonn údarú neamhspleách ón Údarás Áitiúil lena mbaineann agus/nó ón Aire Iompair.

Tá na Doiciméid Tacaíochta ag seo a leanas ar fáil ag www.garda.ie

- Ionstraim Reachtúil Uimh. 147 de 2009. – *Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe.*
- Ionstraim Reachtúil Uimh. 461 de 2010. – *Bealaí Ainmnithe*
- Iarratas ar Chead – *Cead d'Fheithiclí Speisialaithe.*

(***Nóta**: Íoslódáil an fhoirm iarratais ag at www.garda.ie)*

Ní mór béim a leagan air go bhfuil sé i gceist ag na pointí seo a leanas a bheith mar **chabhair**, **seachas mar leagan malartach** den reachtaíocht féin.

Ní mór féachaint ar **na Rialacháin Um Thrácht Ar Bhóithre (Ceadanna d'Fheithiclí Speisialaithe), 2009** chun an t-eolas iomlán críochnúil a fháil.

- Déanfaidh gach Oibreoir/Tiománaí cinnte de go mbeidh feithiclí a thagann faoi réir an cheada seo, mar a tharlaíonn i ngach cás eile, seirbhísithe go huile is go hiomlán agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir leis an úsáid oibríochtúil ar bhealaí poiblí.

- Tabharfaidh gach Oibreoir / Tiománaí faoi na réamhchúraimí Sláinte agus Sábháilteachta riachtanacha agus comhlíonfaidh sé go huile is go hiomlán a gcuid oibleagáidí dlíthiúla maidir leis an tSláinte agus Sábháilteacht.

- Ní chumhdaítear ualaí atá níos mó ná **4.65 méadar ar airde** faoi shainchúram an Chead seo.

- Ní chumhdaítear ualaí atá níos mó ná **4.3 méadar ar leithead** faoi shainchúram an Chead seo.

- Ní chumhdaítear ualaí atá níos mó ná **27.4 méadar ar fhad** faoi shainchúram an Chead seo.

- Féadfar d'úinéir nó oibreoir feithicle speisialaithe iarratas a dhéanamh le hOifigeach na gCeadanna ar chead lena n-údaraítear dó an fheithicil a oibriú **ar tráth nó tráthanna sonraithe, nó le linn tréimhse sonraithe suas le 1 bhliain amháin**, ar

    a) Bhóthar ainmnithe agus sonraithe nó ar bhóithre ainmnithe agus sonraithe, nó
    b) Gach uile bhóthar ainmnithe laistigh de limistéar sonraithe.

- Déanfar iarratas ar chead cúig lá oibre iomlána ar a laghad roimh thús a bheith curtha leis an oibríocht atá beartaithe.

- Déanfaidh iarratasóir ar chead d'Fheithicil Scriospeisialaithe an fhoirm iarratais / an cead a íoslódáil ó leathanach gréasáin an Gharda Síochána, déanfaidh sé na codanna go léir inti/ann a líonadh isteach agus cuirfidh sé an fhoirm ar ais isteach, agus é/í comhlánaithe, i r-phost chuig **traffic_abloads@garda.ie** cúig lá oibre iomlána sula gcuirfear tús leis an oibríocht.

- Is í an fhoirm iarratais atá arna síniú ag Oifigeach na gCeadanna an Cead don Fheithicil Speisialaithe agus seolfar ar ais í i ríomhphost chuig an iarratasóir agus coinníollacha ag gabháil leis nó gan choinníollacha a bheith ag gabháil leis, agus caithfidh an tiománaí /an t-oibreoir í a iompar san fheithicil speisialaithe.

- Féadfaidh Oifigeach na gCeadanna ceanglais a chur ar an iarratasóir aon fhaisnéis eile atá riachtanach le réasún a chur ar fáil chun an t-iarratas a bhreithniú, agus má éilíonn Oifigeach na gCeadanna amhlaidh, ní gá dó nó di an t-iarratas a mheas go dtí go soláthraíonn an t-iarratasóir an fhaisnéis atá riachtanach.

- Féadfar d'Oifigeach na gCeadanna Cead d'Fheithicil Speisialaithe a dheonú faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 6 de na Rialacháin.

    a) féadfar d'Oifigeach na gCeadanna teorannú, srian nó coinníoll a fhorchur ar Chead d'Fheithicil Speisialaithe má mheasann sé nó sí le réasún go bhfuil gá leis sin chun an pobal a chosaint.

- Má oibrítear feithicil Speisialaithe ar eisíodh cead ina leith ar bhealach a sáraítear coinníoll den chead, féadfar d'aon bhall den Gharda Síochána an cead a tharraingt siar trí fhógra (lena n-áirítear fógra ó bhéal) a thabhairt do thiománaí nó d'oibreoir na feithicle.

a) Mar sin féin, féadfar don bhall sin, ordú a thabhairt d'oibreoir nó do thiománaí na feithicle an fheithicil a bhogadh go dtí áit ina mbeadh an riosca a bhaineann léi i leith úsáideoirí bóithre eile is lú is indéanta.